# Seachtain Daonáirimh na Scoileanna 2002

Dé Luain, 22 Aibreán go dtí Dé hAoine, 26 Aibreán

**Ceist Náisiúnta & Togra Gnímh don OCSP**
**ag díriú ar choincheap na forbartha**



Ábhar achmainne curtha le chéile do mhúinteoirí Oideachas Cathartha, Sóisialta agus Polaitiúil (OCSP) mar ullmhúchán do Lá an Daonáirimh, Dé Domhnaigh, 28 Aibreán 2002.

**Buíochas:**

Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh fíor-bhuíoch as an obair mhór a rinne Gillian Casey leis an ábhar acmhainne seo a scríobh.

Buíochas faoi leith le Bill Doherty agus Valerie Lewis as a gcuid moltaí.

Buíochas freisin le Eileen Gray and le Conor Harrison ón tSeirbhís Tacaíochta OCSP as a gcúnamh agus a gcabhair leis an ábhar acmhainne.

©Rialtas na hÉireann

## Daonáireamh 2002

Déantar Daonáireamh in Éirinn gach cúig bliana. Déantar gach duine agus gach líon tí sa tír a chomhaireamh. Tugann gach daonáireamh léargas cuimsitheach dúinn ar choinníollacha sóisialta agus maireachtála na ndaoine. Soláthraíonn an Daonáireamh eolas fíorthábhachtach atá riachtanach chun todhchaí na hÉireann a phleanáil.

Beidh an Daonáireamh ann ar an Domhnach, 28 Aibreán 2002 (bliain níos déanaí ná mar a bhí beartaithe de bharr na géarchéime a bhain leis an ngalar crúibe agus béil anuraidh). Ní mór do dhaoine páirt a ghlacadh sa Daonáireamh. Faoi Alt 26 den Acht Staidrimh, 1993 féadfar fíneáil suas le 25,000 euro a ghearradh ar aon duine a dteipeann air/uirthi an t-eolas seo a sholáthar.

### An tAcht Staidrimh, 1993

Deireann an tAcht Staidrimh, 1993 nach féidir eolas a chuireann daoine ar fáil i ndaonáireamh a úsáid ach amháin ar mhaithe le cúiseanna Staidrimh agus anailíse. Ní féidir aon eolas sonrach faoi dhuine faoi leith a chuirtear ar fáil faoin Acht seo a thabhairt d'aon údarás nó d'aon duine eile ach amháin sa chás go bhfuil cead an duine faighte i scríbhinn nó cead an ghaoil is giorra i gcás duine básaithe. Baineann eisceachtaí leis an riail seo, mar shampla, má tá duine le cúisiú le coir faoin Acht seo; is féidir le hOifigigh Staidrimh eolas a fháil ar mhaithe lena ndualgais faoin Acht seo a chomhlíonadh; ar mhaithe leis an eolas seo a thaifead le n-úsáid san oifig seo amháin i bhfoirm atá leagtha síos ag an ArdStiúrthóir le rúndacht a chosaint.
Má bhaineann aon duine mí-úsáid as eolas nó má thugann aon duine aon eolas faoi dhuine eile a bailíodh faoin Acht seo cuirfear coir ina leith. Má chúisítear duine faoin Acht seo a shárú gearrfar fíneáil idir £1,000 agus suas le £20,000 air/uirthi.

Tá rúndacht tuairisceáin daonáirimh gach líon tí cinntithe ó thaobh dlí ag an Acht Staidrimh, 1993 agus is ar chúiseanna staidrimh amháin a bhainfear úsáid as an eolas a sholáthraítear.

## Daonáireamh 2002 agus OCSP

Tá an clár seo curtha le chéile le deis a thabhairt do mhic léinn agus do mhúinteoirí Oideachas Cathartha, Sóisialta agus Polaitiúil (OCSP) breathnú ar na bealaí gur féidir úsáid a bhaint as an Daonáireamh, go ginearálta, agus chun aird a dhíriú ar Dhaonáireamh 2002, go mór mhór, i measc na scoileanna. Tá an clár dírithe ar choincheap na FORBARTHA agus an bealach go gcuireann eolas ón daonáireamh ar chumas na n-údarás áitiúil agus an rialtais forbairtí a phleanáil don todhchaí. Tá TOGRA GNÍMH san áireamh freisin – is féidir le mic léinn a ndaonáireamh grúpa féin a thógáil sa rang/bliain agus na torthaí a thuairisciú.

## IMLÍNE AN CHLÁIR

| | |
|---|---|
| **Aidhmeanna:** | Eolas maidir le Daonáireamh 2002 a scaipeadh<br>Deis a thabhairt do mhic léinn Daonáireamh a thuiscint<br>Taispeáint do mhic léinn cén bealach a mbaintear úsáid as eolas ón Daonáireamh.<br>Páirt a ghlacadh i dTogra Gnímh an Daonáirimh |
| **Fad:** | 6-10 ranganna |
| **Rang 1:** | Forbairt – an coincheap<br>Bain úsáid as nuachtáin áitiúla, nuachtlitreacha, griangrafanna, póstaeir imeachtaí, agoidí &rl atá ar fáil go háitiúil le heolas a bhailiú agus liosta a dhéanamh de na hATHRUITHE atá le feiceáil i measc do phobail faoi láthair. |
| **Rang 2:** | Céard é Daonáireamh?<br>Líon isteach Foirm Daonáirimh ar son do phearsa i mBaile an Daonáirimh. |
| **Rang 3:** | An tionchar gur féidir le daonáireamh a bheith aige ar fhorbairt P Phobail. Gníomhaíocht phleanála Bhaile an Daonáirimh – 2 Rogha. |
| **Ranganna 4/5/6:** | Pleanáil do Dhaonáireamh an Ranga/na Bliana mar Ghrúpa/Scoil ar fad<br><br>Grúpaí/Coistí:<br>Grúpa an Cheada<br>Grúpa Ceisteanna an Daonáirimh<br>Grúpa Dearadh an Daonáirimh<br>Grúpa Dáileadh an Daonáirimh<br>Grúpa Eolais ar Lá an Daonáirimh<br>Grúpa Áirimh na dTorthaí |
| **Rang 7:** | Seachtain Daonáirimh na Scoileanna, 22 Aibreán go dtí 26 Aibreán, 2002<br>Déan Daonáireamh sa Scoil |
| **Rang 8/9:** | Torthaí a mheas agus a chur i dTáblaí |
| **Rang 10:** | Daonáireamh 2002 – Dearcadh Náisiúnta |
| **Roghnach:** | Scríobh Tuairisc ar Thogra Gnímh |

**Rang a 1 – FORBAIRT POBAIL**

Plé coincheap na forbartha leis na mic léinn. Beidh tuiscint acu ar an gcaoi seo ar na bealaí a dtagann feabhais ar rudaí ag leibhéil difriúla sa domhan, san Eoraip, inár dtír féin agus inár bpobail. Tá sé tábhachtach plé a dhéanamh ar cén chaoi gur féidir le saoránaigh tionchar a bheith acu ar fhorbairtí agus cén chaoi a ndéantar forbairtí a phleanáil.

Gníomhaíocht 1 – Athruithe i mo Phobal
Leid don mhúinteoir: Iarr ar na mic léinn nuachtáin áitiúla, nuachtlitreacha, griangrafanna, póstaeir imeachtaí, &rl a thabhairt isteach ó na himeachtaí atá ar siúl ina bpobal faoi láthair. Is féidir leat féin cuid a thabhairt leat freisin.

Is féidir leis na mic léinn Athruithe i mo Phobal (Bileog Ghníomhaíochta 1, leathanach 6) a líonadh isteach ansin. Nuair atá an ghníomhíocht seo curtha i gcrích is féidir tuilleadh plé a dhéanamh ar an ábhar.

Díospóireacht: Céard atá ag an bpobal?
Céard a theastaíonn fós ón bPobal/Céard atá riachtanach dó?

## Bileog Ghníomhaíochta 1: ATHRUITHE I MO PHOBAL

| **Athruithe atá ag tarlú faoi láthair?** | **Cé hIad na daoine a mbeidh tionchar aige seo orthu?** | **An gceapann tú gur rud MAITH nó DROCHRUD atá ann? Cén fáth?** | **Cé a rinne an cinneadh an t-athrú seo a dhéanamh?** |
|---|---|---|---|
| Sampla: Ionad Nua Siopadóireachta dhá thógáil | Páistí, Déagóirí, Daoine Fásta, Seandaoine | Tá sé fíormhaith mar cheana b'éigean do dhaoine taisteal chuig an mbaile is giorra dúinn lena siopadóireacht seachtainiúil a dhéanamh. | Lucht gnó áitiúil agus comhlachtaí ollmhargaidh |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

## RANG A 2 – CÉARD É DAONÁIREAMH?

Tosaigh le díospóireacht ar an bhfoclóir a bhaineann leis an ábhar. Inis do na mic léinn go mbeidh focail tábhachtacha dhá fhoghlaim acu. Tosaigh leis an bhfocal ***Daonáireamh.*** Iarr ar na mic léinn an dtuigeann siad brí an fhocail. Inis dóibh go mbailíonn Daonáireamh eolas ar chuile fhear, bean agus páiste atá ag maireachtáil in Éirinn.

Inis do na mic léinn go mbíonn daonáireamh ann in Éirinn gach cúig bliana. Iarr orthu an bhfuil a fhios acu cén uair a mbeidh an chéad daonáireamh eile ann. Ina dhiaidh sin iarr orthu cén fáth a bhfuil daonáireamh ann i mbliana? Iarr orthu cén fáth go mbíonn daonáireamh ann gach cúig bliana. (FREAGRAÍ: 28 Aibreán 2002, de bharr na géarchéime a bhain leis an ngalar crúibe agus béil anuraidh. Cuireann sé eolas cruinn suas chun dáta ar fáil).

Tabhair míniú ar na focail daonra agus líon tí. Iarr ar na mic léinn cén fáth go bhfuil na focail seo tábhachtach. Inis dóibh gurb iad seo na rudaí a dhéantar a áireamh i ndaonáireamh. Bailíonn an daonáireamh eolas freisin maidir le daoine (aois agus gnéas mar shampla).

Tabhair cóip den Fhoirm/Múnla Daonáirimh (Bileog Ghníomhaíochta 2, leathanach 8) agus breathnaigh ar chuile cheist in éineacht leo ag tabhairt míniú orthu.

Déan fotachóip agus gearr amach na Cártaí Cónaitheoirí Bhaile an Daonáirimh. Tabhair cárta amháin do chuile mhac léinn (leathanaigh 9 go dtí 13).

Iarr ar gach mac léinn an t-eolas ar a c(h)árta a léamh. Insin iarr ar gach duine acu an t-eolas a líonadh isteach don phríomhdhuine agus do na daoine eile luaite ar a c(h)árta ar Fhoirm an Daonáirimh.

Nuair atá na Foirmeacha Daonáirimh líonta isteach ag na mic léinn ar fad iarr ar gach mac léinn a c(h)uid eolais féin a líonadh isteach ar an mBileog mhór Achoimre Chónaitheoirí Bhaile an Daonáirimh ón eolas atá ar an bhFoirm Daonáirimh.

Déanfar na Freagraí/Torthaí a oibriú amach sa chéad rang eile.

Ag deireadh an ranga bailigh suas na Cártaí Cónaitheoirí Bhaile an Daonáirimh.

***Nóta***

*Is fiú a rá leis an rang go mbíonn an t-eolas le líonadh maidir le gach duine sa líon tí ina (h)aonar i ngnáth daonáireamh. Ní gá é seo a dhéanamh do Bhaile an Daonáirimh mar tá torthaí an cheachta bunaithe ar achoimre an líon tí.*

## BILEOG GHNÍOMHAÍOCHTA 2: [DO RANG A 2]

# BAILE AN DAONÁIRIMH - FOIRM DHAONÁIRIMH /MÚNLA

| UIMHIR AN TÍ AGUS AINM NA SRÁIDE |
|---|
| |

| LIOSTA 1 | Daoine I LÁTHAIR sa teach oíche an Daonáirimh |
|---|---|
| Uimhir an Duine | Céad ainm agus sloinne cuir tic sa bhosca cuí |
| 1 | ☐ Duine óg ☐ Duine Fásta ☐ Seanduine |
| 2 | ☐ Duine óg ☐ Duine Fásta ☐ Seanduine |
| 3 | ☐ Duine óg ☐ Duine Fásta ☐ Seanduine |
| 4 | ☐ Duine óg ☐ Duine Fásta ☐ Seanduine |
| 5 | ☐ Duine óg ☐ Duine Fásta ☐ Seanduine |
| 6 | ☐ Duine óg ☐ Duine Fásta ☐ Seanduine |
| 7 | ☐ Duine óg ☐ Duine Fásta ☐ Seanduine |

| LIOSTA 2 | Daoine AS LÁTHAIR (go sealadach) ón teach oíche an Daonáirimh |
|---|---|
| Uimhir an Duine | Céad ainm agus sloinne cuir tic sa bhosca cuí |
| 1 | ☐ Duine óg ☐ Duine Fásta ☐ Seanduine |
| 2 | ☐ Duine óg ☐ Duine Fásta ☐ Seanduine |

### 1 Cad is ainm duit?
*Céad ainm agus sloinne*

### 2 Gnéas
1 ☐ Fireann
2 ☐ Baineann

### 3 Cad é do dháta breithe?
Lá / Mí / Bliain

### 4 Cad é d'áit bhreithe?
Tabhair áit chónaithe do mháthair nuair a saolaíodh thú, ní suíomh an ospidéil inar saolaíodh thú.
Más ÉIRE an freagra sonraigh an CONTAE.
Más áit eile THAR LEAR é, sonraigh an TÍR.

### 5 Cén náisiúntacht atá agat?
*Má tá níos mó ná náisiúntacht amháin agat luaigh gach ceann díobh.*

1 ☐ Éireannach
2 ☐ Náisiúntacht eile, sonraigh
3 ☐ Gan aon náisiúntacht

### 6 Cad é do stádas pósta reatha?
*Freagair má tá tú ós cionn 15.*
*✓bosca amháin.*

*1* ☐ Singil (níor phós riamh)
*2* ☐ Pósta (an chéad phósadh)
*3* ☐ Athphósta
*4* ☐ Scartha
*5* ☐ Colscartha
*6* ☐ Baintreach

### 7 An bhfuil Gaeilge agat?
*Freagair má tá tú ós cionn trí bliana.*

*1* ☐ Tá
*2* ☐ Níl

### 8 Cén creideamh atá agat?
*✓bosca amháin.*

*1* ☐ Caitliceach
*2* ☐ Eaglais na hÉireann
*3* ☐ Preispitéireach
*4* ☐ Modhach
*5* ☐ Ioslamachas
6 ☐ Eile, sonraigh do CHREIDEAMH
*7* ☐ Gan Creideamh

### 9 Cén modh taistil atá agat chuig an obair, scoil, coláiste?
*✓bosca amháin do phríomhchuid an turais.*

*1* ☐ Ag Siúl
*2* ☐ Rothar
*3* ☐ Bus, mionbhus, cóiste
*4* ☐ Traein nó DART
*5* ☐ Gluaisrothar nó scútar
6 ☐ Tiománaí Gluaisteáin
*7* ☐ Leoraí nó veain
*8* ☐ Ag obair ag/ón mbaile
*9* ☐ Ní bhaineann sé liom

### 10 An bhfuil Ríomhaire agat?
*1* ☐ Tá
*2* ☐ Níl

**Seoladh:** 1, Sráid na Darach, Baile an Daonáirimh
**Ainm:** Áine Ní Mhurchú
**Gnéas:** Baineann
**Dáta Breithe:** 21/09/1970 **Áit Bhreithe:** Baile Mór
**Aois:** 32 bliana **Náisiúntacht:** Éireannach

**Eolas Eile:**
Bhí timpiste Cairr ag Áine trí bliana ó shoin agus tá sí anois i gcathaoir rotha. Cónaíonn sí in éineacht lena máthair (Mary Uí Mhurchú) atá 71 bliain d'aois. Oibríonn Áine do bhanc ón mbaile ag baint úsáide as ríomhaire, as an nguthán agus ríomh-phost. Is Caitliceach í.

**Daoine Óga:** 0 **Daoine Fásta:** 1 **Seandaoine:** 1

**Seoladh:** 3, Sráid na Darach, Baile an Daonáirimh
**Ainm:** Zlata Dalton
**Gnéas:** Baineann
**Dáta Breithe:** 08/02/1972 **Áit Bhreithe:** Sarajevo
**Aois:** 30 bliana **Náisiúntacht:** Bosnian

**Eolas Eile:**
Phós Zlata Brian Dalton (32 bliain d'aois) dhá mhí ó shoin. Oibríonn sí sa bhanc i mBaile an Daonáirimh agus siúlann sí chuig an obair gach lá. Is Ioslamach í. Scríobhann sí chuig a muintir i mBosnia le ríomh-phost ar an ríomhaire sa teach.

**Daoine Óga:** 0 **Daoine Fásta:** 2 **Seandaoine:** 0

**Seoladh:** 5, Sráid na Darach, Baile an Daonáirimh
**Ainm:** David Moucharraf
**Gnéas:** Fireann
**Dáta Breithe:** 01/01/1977 **Áit Bhreithe:** Karachi
**Aois:** 25 bliana **Náisiúntacht:** Pacastánach

**Eolas Eile:**
Tháinig David go hÉirinn as Karachi 7 mbliana ó shoin le staidéar a dhéanamh ar an leigheas i gCOBÁC. Cónaíonn sé ina aonar agus téann sé chuig an obair gach lá in Ospidéal Réigiúnach an Bhaile Mhóir ar a rothar. Scríobhann sé chuig a mhuintir sa Phacastáin ar an ríomh-phost ar a ríomhaire soghluaiste. Is Hiondúch é.

**Daoine Óga:** 0 **Daoine Fásta:** 1 **Seandaoine:** 0

**Seoladh:** 7, Sráid na Darach, Baile an Daonáirimh
**Ainm:** Kim Healy
**Gnéas:** Baineann
**Dáta Breithe:** 16/10/1986 **Áit Bhreithe:** Dún Dorcha
**Aois:** 15 bliana **Náisiúntacht:** Éireannach

**Eolas Eile:**
Rugadh Kim i nDún Dorcha i 1986. Cónaíonn sí lena tuismitheoirí (Steve agus Mary) a deartháireacha (Pete agus Liam) agus a seantuismitheoirí (Fergal agus Trish). Siúlann sí chuig an scoil ag bun an bhóthair. Tá sí díreach tar éis ríomhaire pearsanta a bhuachaint! Is Modhach í.

**Daoine Óga:** 3 **Daoine Fásta:** 1 **Seandaoine:** 2

**Seoladh:** 9, Sráid na Darach, Baile an Daonáirimh
**Ainm:** Stephanie Montaine
**Gnéas:** Baineann
**Dáta Breithe:** 25/12/1964 **Áit Bhreithe:** Baile Beag
**Aois:** 38 bliana **Náisiúntacht:** Éireannach

**Eolas Eile:**
Tá ceathrar clainne ag Stephanie: Paul (9 mbliana), Sarah (7 mbliana), Kelly (5 bliana) agus Ciarán (2 bhliain). Tá sí pósta le Luke atá 42 bliain d'aois. Bíonn Stephanie ag obair sa bhaile go lánaimseartha. Níl ríomhaire aici fós. Is Caitliceach í.

**Daoine Óga:** 4 **Daoine Fásta:** 2 **Seandaoine:** 0

**Seoladh:** 11, Sráid na Darach, Baile an Daonáirimh
**Ainm:** Angus Walton
**Gnéas:** Fireann
**Dáta Breithe:** 21/09/1970 **Áit Bhreithe:** Dún Éideann
**Aois:** 32 bliana **Náisiúntacht:** Albanach

**Eolas Eile:**
Tháinig Angus go dtí Baile an Daonáirimh ceithre bliana ó shoin le dul ag obair i rannóg teiledíolacháin Bhanc Dhún Éideainn. Is aoibhinn leis ríomhairí agus tá go leor trealaimh ardteicneolaíochta aige. Tá gluaisrothar Yamaha 500 aige. Is ball gníomhach den Eaglais Preispitéireach é.

**Daoine Óga:** 0 **Daoine Fásta:** 1 **Seandaoine:** 0

**Seoladh:** 1, Ascaill an Chaorthainn, Baile an Daonáirimh
**Ainm:** Aisling Hope
**Gnéas:** Baineann
**Dáta Breithe:** 25/02/1988 **Áit Bhreithe:** Baile Mór
**Aois:** 14 bliana **Náisiúntacht:** Éireannach

**Eolas Eile:**
Cónaíonn Aisling in éineacht lena máthair (Kate) i mBaile an Daonáirimh. Maraíodh a hathair cúig bliana ó shoin ar dhualgas leis na NA. Tá beirt deirfiúr aici (Louise agus Bróna) agus deartháir amháin (Cathal). Téann sí chuig an scoil i mBaile Mór ar an mbus. Ba bhreá léi a ríomhaire féin. Is Caitliceach í.

**Daoine Óga:** 4 **Daoine Fásta:** 1 **Seandaoine:** 0

**Seoladh:** 2, Ascaill an Chaorthainn, Baile an Daonáirimh
**Ainm:** Kelly Ann O'Callaghan
**Gnéas:** Baineann
**Dáta Breithe:** 03/11/1976 **Áit Bhreithe:** Baile Mór
**Aois:** 25 bliana **Náisiúntacht:** Éireannach

**Eolas Eile**
Tháinig Kelly Ann ó Bhaile Mór chuig Baile an Daonáirimh le deireanas le dul ag múineadh sa bhunscoil. Tiománann sí a gluaisteán nua spóirt chuig an scoil. Is ball gníomhach í de chór na hEaglaise Caitlicigh áitiúil í. Tá Gaeilge líofa aici. Tá ríomhaire pearsanta díreach ceannaithe aici.

**Daoine Óga:** 0 **Daoine Fásta:** 1 **Seandaoine:** 0

**Seoladh:** 3, Ascaill an Chaorthainn, Baile an Daonáirimh
**Ainm:** David Ó Catháin
**Gnéas:** Fireann
**Dáta Breithe:** 23/08/1924 **Áit Bhreithe:** Baile Beag
**Aois:** 77 bliana **Náisiúntacht:** Éireannach

**Eolas Eile:**
Tá David díreach tar éis bogadh go dtí Baile an Daonáirimh le bheith in éineacht lena iníon (Martina). Bhásaigh a bhean (Olive) anuraidh. Bhí sé an-uaigneach ach rinne sé iarracht maireachtáil ina aonar. Bhí droch thitim aige ocht mí ó shoin agus rinne sé suas a intinn ansin teacht go dtí Baile an Daonáirimh. Is ball d'Eaglais na hÉireann é. Níl aon ríomhaire aige.
**Daoine Óga:** 1 **Daoine Fásta:** 0 **Seandaoine:** 1

**Seoladh:** 4, Ascaill an Chaorthainn, Baile an Daonáirimh
**Ainm:** Shirley Whittaker
**Gnéas:** Baineann
**Dáta Breithe:** 30/06/1977 **Áit Bhreithe:** Pomeroy
**Aois:** 24 bliana **Náisiúntacht:** Briotanach

**Eolas Eile:**
Is as Pomeroy i gCo Thír Eoghain í Shirley. Siúlann sí chuig an obair i Leabharlann Bhaile an Daonáirimh áit ar casadh a páirtí, Seán uirthi. Tá sí ina cónaí in éineacht le Seán le dhá bhliain. Is Preispitéireach í. Ní raibh a cuid cairde ar fad an-sásta nuair a chualadar go raibh sí ina cónaí le Caitliceach! Níl aon ríomhaire aici.

**Daoine Óga:** 0 **Daoine Fásta:** 2 **Seandaoine:** 0

**Seoladh:** 5, Ascaill an Chaorthainn, Baile an Daonáirimh
**Ainm:** Ellen O'Connor
**Gnéas:** Baineann
**Dáta Breithe:** 17/02/1962 **Áit Bhreithe:** Balile na Cailí
**Aois:** 40 bliana **Náisiúntacht:** Éireannach

**Eolas Eile:**
Is le Ellen an siopa nuachtánaí agus siúlann sí chuig an obair gach lá. Tá sí ina cónaí le cúig bliana déag i mBaile an Daonáirimh. D'fhág a fear céile í ceithre bliana ó shoin agus bhog sé go dtí an Baile Mór. Tá Ellen an-ghníomhach ina pobal féin. Tá sí ina stiúrthóir ar an gcór san Eaglais Chaitliceach. Tá ríomhaire aici.

**Daoine Óga:** 0 **Daoine Fásta:** 1 **Seandaoine:** 0

**Seoladh:** 6, Ascaill an Chaorthainn, Baile an Daonáirimh
**Ainm:** Lorcan O'Sullivan
**Gnéas:** Fireann
**Dáta Breithe:** 13/12/1984 **Áit Bhreithe:** Dún Dorcha
**Aois:** 17 bliana **Náisiúntacht:** Éireannach

**Eolas Eile:**
Cónaíonn Lorcan lena mháthair (Jackie), a athair (Fergal) agus a leathchúpla deirfeár (lisa). Cónaíonn a seanathair (Fergus) in éineacht leo. Tá an-scil ag Lorcan ar an ríomhaire agus rinne sé suíomh idirlín Bhaile an Daonáirimh. Téann sé chuig an scoil sa Bhaile Mór ar an mbus. Níl aon suim sa Chreideamh aige.
**Daoine Óga:** 2 **Daoine Fásta:** 2 **Seandaoine:** 1

**Seoladh:** 7, Ascaill an Chaorthainn, Baile an Daonáirimh
**Ainm:** Frank Mullins
**Gnéas:** Fireann
**Dáta Breithe:** 06/05/1973 **Áit Bhreithe:** Baile an Daonáirimh
**Aois:** 28 bliana **Náisiúntacht:** Éireannach

**Eolas Eile:**
Tá Frank dall ach mar sin féin tá saol an-ghníomhach aige. Is é an tOifigeach Pearsanra i bhFaisean Bhaile an Daonáirimh é, monarcha éadaí an bhaile. Cónaíonn sé lena bhean (Aideen) agus a dtriúr clainne (Jane, Paul agus Kelly). Siúlann Frank chuig an obair. Tá go leor bogábhar speisialta aige ar a ríomhaire pearsanta. Is Caitliceach é.
**Daoine Óga:** 3 **Daoine Fásta:** 2 **Seandaoine:** 0

**Seoladh:** 9, Ascaill an Chaorthainn, Baile an Daonáirimh
**Ainm:** Alison Munn
**Gnéas:** Baineann
**Dáta Breithe:** 12/01/1980 **Áit Bhreithe:** Baile Gearr
**Aois:** 22 bliana **Náisiúntacht:** Éireannach

**Eolas Eile:**
Tháinig Alison go dtí Baile an Daonáirimh 3 bliana ó shoin. Oibríonn sí sa mhonarcha ríomhairí sa Bhaile Mór agus téann sí ann gach lá ar a scútar. Coinníonn sí i dteagmháil lena deartháir san Astráil ar an ríomh-phost óna ríomhaire nua sa bhaile. Is Caitliceach í.

**Daoine Óga:** 0 **Daoine Fásta:** 1 **Seandaoine:** 0

**Seoladh:** 11, Ascaill an Chaorthainn, Baile an Daonáirimh
**Ainm:** Naomi Wong
**Gnéas:** Baineann
**Dáta Breithe:** 11/03/1986 **Áit Bhreithe:** Baile Mór
**Aois:** 16 bliana **Náisiúntacht:** Éireannach

**Eolas Eile:**
Cónaíonn Naomi lena máthair (Fiona) agus lena hathair (Ray), lena leathchúpla deirféar, April, agus lena deartháireacha, Shay (13), Mike (11) agus Ian ( 7). Siúlann sí chuig an scoil. Tá an-scil ríomhaireachta aici. Is ball d'Eaglais na hÉireann í.

**Daoine Óga:** 5 **Daoine Fásta:** 2 **Seandaoine:** 0

**Seoladh:** 1, Sráid na Fuinseoige, Baile an Daonáirimh
**Ainm:** Lori Davis
**Gnéas:** Baineann
**Dáta Breithe:** 17/07/1958 **Áit Bhreithe:** Baile Mór
**Aois:** 43 bliana **Náisiúntacht:** Éireannach

**Eolas Eile:**
Bhog Lori go dtí Baile an Daonáirimh lena fear céile, Liam. Tá triúr clainne orthu beirt iníon (Suzanne, 18 agus Anne Marie, 12) agus mac amháin (Cormac, 15). Siúlann Lori chuig an obair i Halla an Bhaile. Seineann sí an t-orgán in Eaglais na hÉireann. Níl ríomhaire pearsanta aici.

**Daoine Óga:** 3 **Daoine Fásta:** 2 **Seandaoine:** 0

**Seoladh:** 2, Sráid na Fuinseoige, Baile an Daonáirimh
**Ainm:** Anwar Rabbani
**Gnéas:** Fireann
**Dáta Breithe:** 20/11/1970 **Áit Bhreithe:** Kabul
**Aois:** 31 bliana **Náisiúntacht:** Afganastánach

**Eolas Eile:**
Chaill Anwar cois le mianach talún. Cónaíonn sé lena bhean Éireannach, Jennifer agus a dtriúr clainne (Paul, 6, Miriam, 4 agus Rory, 2). Tiománann sé chuig an obair in Ollscoil an Bhaile Mhóir. Coinníonn sé i dteagmháil lena bhaile tríd a ríomhaire pearsanta. Is Ioslamach é.

**Daoine Óga:** 3 **Daoine Fásta:** 2 **Seandaoine:** 0

**Seoladh:** 3, Sráid na Fuinseoige, Baile an Daonáirimh
**Ainm:** Luigi Balducci
**Gnéas:** Fireann
**Dáta Breithe:** 15/01/1972 **Áit Bhreithe:** Turin
**Aois:** 30 bliana **Náisiúntacht:** Iodálach

**Eolas Eile:**
Ritheann Luigi an bhialann Iodálach sa Bhaile Mór. Cónaíonn sé lena bhean, Maria agus lena mac, Paulo. Cónaíonn máthair Mharia, Rosa (aois 70) in éineacht leo anois. Glacann siad páirt an-ghníomhach san Eaglais Chaitliceach. Is aoibheann le Luigi teangacha agus labhraíonn sé Gaeilge. Tá ríomhaire aige. Tiománann sé chuig an obair ina Ferrari Iodálach!

**Daoine Óga:** 1 **Daoine Fásta:** 2 **Seandaoine:** 1

**Seoladh:** 4, Sráid na Fuinseoige, Baile an Daonáirimh
**Ainm:** Seán Patterson
**Gnéas:** Fireann
**Dáta Breithe:** 28/02/1978 **Áit Bhreithe:** An tIúr
**Aois:** 24 bliana **Náisiúntacht:** Éireannach

**Eolas Eile:**
Tá teach ceannaithe ag Seán agus ag a cara, Melanie (27) i mBaile an Daonáirimh. Is baill den Gharda an bheirt acu agus tíománann siad chuig an stáisiún sa Bhaile Beag. Labhraíonn Seán Gaeilge. Tá ríomhaire pearsanta aige. Is ball gníomhach den Eaglais Chaitliceach é.

**Daoine Óga:** 0 **Daoine Fásta:** 2 **Seandaoine:** 0

**Seoladh:** 5, Sráid na Fuinseoige, Baile an Daonáirimh
**Ainm:** Aideen Murphy
**Gnéas:** Baineann
**Dáta Breithe:** 16/10/1968 **Áit Bhreithe:** Dún Dorcha
**Aois:** 33 bliana **Náisiúntacht:** Éireannach

**Eolas Eile:**
Cónaíonn Aideen lena páirtí, Paddy (aois 35) agus lena mbeirt clainne (Amanda, aois 10 agus Jason, aois 7). Cónaíonn tuismitheoirí Aideen (Harry agus Pauline) in éineacht leo in arasán dóibh féin. Bíonn Aideen ag obair sa bhaile go lán-aimseartha. Ba bhreá leis na gasúir ríomhaire a bheith acu. Ní chleachtaíonn an chlann aon chreideamh.

**Daoine Óga:** 2 **Daoine Fásta:** 2 **Seandaoine:** 2

**Seoladh:** 6, Sráid na Fuinseoige, Baile an Daonáirimh
**Ainm:** Des Ward
**Gnéas:** Fireann
**Dáta Breithe:** 23/10/1930 **Áit Bhreithe:** Baile Beag
**Aois:** 71 bliana **Náisiúntacht:** Éireannach

**Eolas Eile:**
Cónaíonn Des lena bhean, Martha (aois 74). Breathnaíonn siad i ndiaidh clann a mic (Sarah, aois 17 agus Michael, aois 14). Maraíodh a mac, James, agus a bhean i dtimpiste bóthair 5 bliana ó shoin. Tá Michael ag taispeáint do Des conas an ríomhaire a úsáid. Ní chleachtaíonn siad aon chreaideamh.

**Daoine Óga:** 2 **Daoine Fásta:** 0 **Seandaoine:** 2

**Seoladh:** 8, Sráid na Fuinseoige, Baile an Daonáirimh
**Ainm:** Sarah Kelly
**Gnéas:** Baineann
**Dáta Breithe:** 26/06/1925 **Áit Bhreithe:** Baile an Daonáirimh
**Aois:** 76 bliana **Náisiúntacht:** Éireannach

**Eolas Eile:**
Cónaíonn Sarah ina haonar. Cailleadh a fear, Jack, dhá mhí ó shoin. Bíonn sí ag breathnú i ndiaidh na mbláthanna sa Seipéal Caitliceach agus coinníonn sí i dteagmháil lena mac (John, sna Stáit Aontaithe) agus lena iníon (Ailish, san Astráil) le ríomh-phost. Is í Cathaoirleach Coiste áitiúil Ghlór na nGael.

**Daoine Óga:** 0 **Daoine Fásta:** 0 **Seandaoine:** 1

**Seoladh:** 10, Sráid na Fuinseoige, Baile an Daonáirimh
**Ainm:** Hannah MacMurtagh
**Gnéas:** Baineann
**Dáta Breithe:** 11/05/1929 **Áit Bhreithe:** Baile Gearr
**Aois:** 72 bliana **Náisiúntacht:** Éireannach

**Eolas Eile:**
Cónaíonn Hannah lena mac (Malcolm, aois 45) agus lena iníon (Aileen, aois 42). Rugadh fear Hannah, Jimmy, i mBaile an Daonáirimh agus tháinig siad go dtí Baile an Daonáirimh nuair a bhí Malcolm agus Aileen ina bpáistí. Cailleadh Jimmy 7 mbliana ó shoin. Ní chleachtaíonn siad aon chreideamh. D'fhreastail Hannah ar ranganna ríomhaireachta agus cheannaigh sí ríomhaire le deireanas.

**Daoine Óga:** 0 **Daoine Fásta:** 2 **Seandaoine:** 1

**Seoladh:** 12, Sráid na Fuinseoige, Baile an Daonáirimh
**Ainm:** Amy Behan
**Gnéas:** Baineann
**Dáta Breithe:** 19/11/1973 **Áit Bhreithe:** Baile Mór
**Aois:** 28 bliana **Náisiúntacht:** Éireannach

**Eolas Eile:**
Bhog Amy go dtí Baile an Daonáirimh lena fear, Finian (aois 31). Chaill Amy lámh i dtimpiste feirme. Is múinteoir í Amy i mbunscoil an Bhaile Mhóir agus tiománann sí ann gach lá. Coinníonn sí i dteagmháil lena cara, Sarah, i Hong Kong ar an ríomhphost. Is Caitliceach í.

**Daoine Óga:** 0 **Daoine Fásta:** 2 **Seandaoine:** 0

**Seoladh:** 14, Sráid na Fuinseoige, Baile an Daonáirimh
**Ainm:** Peter Maguire
**Gnéas:** Fireann
**Dáta Breithe:** 08/08/1986 **Áit Bhreithe:** Baile an Daonáirimh
**Aois:** 15 bliana **Náisiúntacht:** Éireannach

**Eolas Eile:**
Cónaíonn Peter lena thuismitheoirí , Rosemary (aois 39) agus Diarmaid (aois 40). Téann sé ar a rothar chuig an ngaelscoil i mBaile Mór. Labhraíonn siad Béarla agus Gaeilge sa bhaile. Tá an-scíl ag Peter le ríomhairí agus tá go leor trealaimh aige. Is Caitliceach é.

**Daoine Óga:** 1 **Daoine Fásta:** 2 **Seandaoine:** 0

---

**Seoladh:** 2, Bóthar na Feá, Baile an Daonáirimh
**Ainm:** Pierre Greene
**Gnéas:** Fireann
**Dáta Breithe:** 27/01/1978 **Áit Bhreithe:** Baile an Daonáirimh
**Aois:** 24 bliana **Náisiúntacht:** Éireannach

**Eolas Eile:**
Cónaíonn Pierre i mBaile an Daonáirimh lena chara, Pamela (aois 21). Oibríonn an bheirt acu sa mhonarcha ríomhairí i mBaile Mór agus tiománann siad chuig an obair in éineacht gach lá. Tá ríomhaire pearsanta acu agus tá an bheirt acu gníomhach sa phobal Iúdach.

**Daoine Óga:** 0 **Daoine Fásta:** 2 **Seandaoine:** 0

---

**Seoladh:** 4, Bóthar na Feá, Baile an Daonáirimh
**Ainm:** Gerry Higgins
**Gnéas:** Fireann
**Dáta Breithe:** 12/02/1971 **Áit Bhreithe:** Baile Beag
**Aois:** 31 bliana **Náisiúntacht:** Éireannach

**Eolas Eile:**
Tá Gerry i gcathaoir rotha ó bhí sé ina pháiste. Cónaíonn sé i mBaile an Daonáirimh lena bhean, Jill. Scríbhneoir cumasach scéalta agus filíochta é Gerry agus saothar leis foilsithe. Tiománann sé carr atá athraithe go speisialta dó. Braitheann sé go mór ar a ríomhaire. Is baill ghníomhacha den Eaglais Chaitliceach iad beirt.

**Daoine Óga:** 0 **Daoine Fásta:** 2 **Seandaoine:** 0

---

**Seoladh:** 6, Bóthar na Feá, Baile an Daonáirimh
**Ainm:** Cormac Breslin
**Gnéas:** Fireann
**Dáta Breithe:** 16/10/1979 **Áit Bhreithe:** Dún Dorcha
**Aois:** 22 bliana **Náisiúntacht:** Éireannach

**Eolas Eile:**
Cónaíonn Cormac lena bhean, Belinda (aois 24). Is meicneoir é Cormac agus oibríonn sé ón stáisiún peitril áitiúil. Téann sé ag obair ar a rothar an chuid is mó laethanta. Tá Gaeilge líofa aige agus glacann sé páirt ghníomhach sa pholaitíocht áitiúil. Tá súil aige ríomhaire a fháil go luath– bheadh sé ina chúnamh mór leis na cuntais. Is Caitliceach é.

**Daoine Óga:** 0 **Daoine Fásta:** 2 **Seandaoine:** 0

---

**Seoladh:** 8, Bóthar na Feá, Baile an Daonáirimh
**Ainm:** Olivia Stephenson
**Gnéas:** Baineann
**Dáta Breithe:** 16/08/1918 **Áit Bhreithe:** Baile Beag
**Aois:** 83 bliana **Náisiúntacht:** Éireannach

**Eolas Eile:**
Tá Olivia ina cónaí ina haonar i mBaile an Daonáirimh, le fiche bliain ó cailleadh a fear Séamus, a bhí cuid mhaith níos sine ná í. Glacann sí páirt ghníomhach in imeachtaí uilig Bhaile an Daonáirimh. Déanann sí nuachtlitir áitiúil Eaglais na hÉireann a chlóscríobh ar a ríomhaire.

**Daoine Óga:** 0 **Daoine Fásta:** 0 **Seandaoine:** 1

---

**Seoladh:** 10, Bóthar na Feá, Baile an Daonáirimh
**Ainm:** Keith Morrison
**Gnéas:** Fireann
**Dáta Breithe:** 07/02/1975 **Áit Bhreithe:** Baile an Daonáirimh
**Aois:** 27 bliana **Náisiúntacht:** Éireannach

**Eolas Eile:**
Cónaíonn Keith lena bheirt clainne (Mandy, aois 4 agus Caroline, aois 2). Téann Keith chuig an obair ar a ghluaisrothar. Oibríonn sé i mBaile Beag in Oifig an Phoist. Tá bean tí (Mary, aois 66) aige a chónaíonn in éineacht leis agus a thugann aire do na páistí. Is Iúdach é. Tá sé ag smaoineamh ar ríomhaire a cheannach.

**Daoine Óga:** 2 **Daoine Fásta:** 1 **Seandaoine:** 1

**Bileog Achoimre Chónaitheoirí Bhaile an Daonáirimh (Déan cóip A3 le haghaidh díospóireacht ranga) [do Rang a 2]**

| Seoladh an Tí | Daoine Óga | Daoine Fásta | Seandaoine | Iomlán i ngach teach |
|---|---|---|---|---|
| 1, Sráid na Darach | | | | |
| 3, Sráid na Darach | | | | |
| 5, Sráid na Darach | | | | |
| 7, Sráid na Darach | | | | |
| 9, Sráid na Darach | | | | |
| 11, Sráid na Darach | | | | |
| 1, Ascaill an Chaorthainn | | | | |
| 2, Ascaill an Chaorthainn | | | | |
| 3, Ascaill an Chaorthainn | | | | |
| 4, Ascaill an Chaorthainn | | | | |
| 5, Ascaill an Chaorthainn | | | | |
| 6, Ascaill an Chaorthainn | | | | |
| 7, Ascaill an Chaorthainn | | | | |
| 9, Ascaill an Chaorthainn | | | | |
| 11, Ascaill an Chaorthainn | | | | |
| 1, Sráid na Fuinseoige | | | | |
| 2, Sráid na Fuinseoige | | | | |
| 3, Sráid na Fuinseoige | | | | |
| 4, Sráid na Fuinseoige | | | | |
| 5, Sráid na Fuinseoige | | | | |
| 6, Sráid na Fuinseoige | | | | |
| 8, Sráid na Fuinseoige | | | | |
| 10, Sráid na Fuinseoige | | | | |
| 12, Sráid na Fuinseoige | | | | |
| 14, Sráid na Fuinseoige | | | | |
| 2, Bóthar na Feá | | | | |
| 4, Bóthar na Feá | | | | |
| 6, Bóthar na Feá | | | | |
| 8, Bóthar na Feá | | | | |
| 10, Bóthar na Feá | | | | |
| **Iomlán na nDaoine de réir aoise** | | | | |
| | | | | **Iomlán na nDaoine sa phobal** |

**Rang a 3 – BAILE AN DAONÁIRIMH A FHORBAIRT**

Tabhair léarscáil an duine de Bhaile an Daonáirimh do na mic léinn (leathanach 17). Déan an léarscáil a mhíniú do na mic léinn le cinntiú go dtuigeann gach duine na cruthanna difriúla agus a mbrí.

Cuir an scéal seo a leanas i láthair na mac léinn:

*Tá méara Bhaile an Daonáirimh ag iarraidh páirc phoiblí nua a thógáil ar fholmhach i lár Bhaile an Daonáirimh. D'fhéadfadh pobal na háite úsáid a bhaint as an bpáirc phoiblí. Tá an méara idir dhá chomhairle. Níl a fhios aici cé mhéid daoine óga, daoine fásta agus seandaoine go baileach atá ina gcónaí san áit faoi láthair, mar ní raibh aon daonáireamh ann le cúig bliana. Da mba daoine óga agus seandaoine ós cionn leath den daonra mholfadh sí an pháirc phoiblí a thógáil. Ach ar an láimh eile, dá mba daoine fasta ós cionn leath den daonra mholfadh sí ionad siopadóireachta a thogáil.*

Bain úsáid as an mBileog Achoimre Chónaitheoirí Bhaile an Daonáirimh (curtha le chéile sa rang deireanach) leis an eolas a theastaíonn ón méara a chur ar fáil dí lena gcinneadh a dhéanamh. Ní mór iomlán na dtorthaí a fháil.

Tabhair cóip atá beagnach líonta de Bhileog Achoimre Chónaitheoirí Bhaile an Daonáirimh do chuile dhuine (ar fáil ar leathanach 18). Iarr ar na mic léinn an uimhir iomlán daoine i ngach líon tí a dhéanamh amach tríd na figiúirí trasna gach líne a shuimiú. Ansin iarr orthu an daonra iomlán i mBaile an Daonáirimh a dhéanamh amach tríd na figiúirí síos sa cholún ar a dtugtar Iomlán na nDaoine i nGach Líon Tí a shuimiú. (Freagra: 94)

Iarr ar na mic léinn iomlán gach colún le marc air a dhéanamh amach: Daoine Óga, Daoine Fásta agus Seandaoine. (Freagraí: 35, 45 agus 14)

Tá Bileog Achoimre Chónaitheoirí Bhaile an Daonáirimh líonta go hiomlán anois. Iarr ar na mic léinn na figiúirí a fuaireadar a chinntiú tríd iomlán an trí cholún a shuimiú. Ba cheart go mbeadh an figiúr seo cothrom leis an méid daoine sa phobal.

Iarr ar na mic léinn cé acu de na figiúirí a thabharfaidh freagra a ceiste don mhéara. Cén chaoi a gcuirfidh siad freagra a ceiste ar fáil don mhéara.

Ní gá do na mic léinn ach na figiúirí sna colúin marcáilte Daoine Óga (35) agus Seandaoine (14) agus Iomlán na nDaoine sa Phobal (94) a úsáid. An bhfuil uimhir na nDaoine Óga móide uimhir na Seandaoine níos mó nó cothrom le leath iomlán na ndaoine sa phobal? Nó an bhfuil 35 + 14 cothrom le nó níos mó ná 94 roinnt ar 2. (35+14=49; 94/2 =47). Tharla go bhfuil 49 níos mó ná 47 is féidir leis an méara páirc phoiblí a thógáil anois i lár Bhaile an Daonáirimh. (Tá an fhoirm chomhlánaithe ar fáil ar leathanach 19)

*RANG a 3 – BAILE AN DAONÁIRIMH A FHORBAIRT – AN DARA ROGHA*

Inis do na mic léinn go bhfuileadar anois ag dul ag foghlaim céard a tharlaíonn nuair nach mbíonn cuid de na daoine curtha san áireamh sa daonáireamh. Ní bheidh eolas an Daonáirimh iomlán an babhta seo.

Iarr ar na mic léinn na tithe seo a leanas a scrios amach óna léarscáileanna de Bhaile an Daonáirimh: 9, Sráid na Darach, 11, Ascaill an Chaorthainn, 6, Sráid na Fuinseoige agus 10, Bothar na Feá. Níor líon na daoine sna tithe seo isteach foirmeacha an Daonáirimh. Cheap na daoine ar Sráid na Darach agus ar Ascaill an Chaorthainn nár ghá dóibh na foirmeacha a líonadh. Ba chuma leis na daoine ar Shráid na Fuinseoige faoin Daonáireamh agus dhiúltaigh na daoine ar Bhóthar na Feá an fhoirm a thabhairt ar ais. Ós rud é gur fágadh cuid de na daoine as an áireamh sa Daonáireamh, tá athrú tagtha ar na figiúirí a chuireann síos ar an bpobal.


Tabhair Bileog Achoimre Chónaitheoirí Bhaile an Daonáirimh an Leagan nach bhfuil Iomlán (leathanach 20) do na mic léinn. Iarr orthu iomlán na dtorthaí a shuimiú arís le fáil amach cén t-athrú atá tagtha ar an eolas. Iarr orthu an dtiocfaidh athrú ar chinneadh an mhéara de bharr na n-athruithe san eolas. Seo a leanas na figiúirí nua: Daoine Óga (22), Daoine Fásta (40) agus Seandaoine (11) agus Iomlán na nDaoine sa Phobal (73). [Tá an fhoirm chomhlánaithe ar fáil ar leathanach 21]

Is í seo anois an cheist: An bhfuil 22+11 níos mó ná 36.5? Níl. De bharr nach raibh cuid de na daoine san áireamh sa Daonáireamh tógfaidh an Méara an t-ionad siopadóireachta anois in áit páirc phoiblí, nuair a bhí an pháirc phoiblí ag teastáil i ndáiríre.

Déan tionchar an chinnidh a rinne cuid de na daoine gan páirt a ghlacadh sa daonáireamh ar an bpobal uilig a phlé leis na mic léinn. Cén chaoi go bhféadfadh rud mar seo tionchar a bheith aige ar do phobal féin?

# LÉARSCÁIL BHAILE AN DAONÁIRIMH

[do Rang a 3]



**Bileog Achoimre Chónaitheoirí Bhaile an Daonáirimh - Nach bhfuil líonta go hiomlán [do Rang a 3]**

| Seoladh an Tí | Daoine Óga | Daoine Fásta | Seandaoine | Iomlán i ngach teach |
|---|---|---|---|---|
| 1, Sráid na Darach | 0 | 1 | 1 | |
| 3, Sráid na Darach | 0 | 2 | 0 | |
| 5, Sráid na Darach | 0 | 1 | 0 | |
| 7, Sráid na Darach | 3 | 2 | 2 | |
| 9, Sráid na Darach | 4 | 2 | 0 | |
| 11, Sráid na Darach | 0 | 1 | 0 | |
| 1, Ascaill an Chaorthainn | 4 | 1 | 0 | |
| 2, Ascaill an Chaorthainn | 0 | 1 | 0 | |
| 3, Ascaill an Chaorthainn | 0 | 1 | 1 | |
| 4, Ascaill an Chaorthainn | 0 | 2 | 0 | |
| 5, Ascaill an Chaorthainn | 0 | 1 | 0 | |
| 6, Ascaill an Chaorthainn | 2 | 2 | 1 | |
| 7, Ascaill an Chaorthainn | 3 | 2 | 0 | |
| 9, Ascaill an Chaorthainn | 0 | 1 | 0 | |
| 11, Ascaill an Chaorthainn | 5 | 2 | 0 | |
| 1, Sráid na Fuinseoige | 3 | 2 | 0 | |
| 2, Sráid na Fuinseoige | 3 | 2 | 0 | |
| 3, Sráid na Fuinseoige | 1 | 2 | 1 | |
| 4, Sráid na Fuinseoige | 0 | 2 | 0 | |
| 5, Sráid na Fuinseoige | 2 | 2 | 2 | |
| 6, Sráid na Fuinseoige | 2 | 0 | 2 | |
| 8, Sráid na Fuinseoige | 0 | 0 | 1 | |
| 10, Sráid na Fuinseoige | 0 | 2 | 1 | |
| 12, Sráid na Fuinseoige | 0 | 2 | 0 | |
| 14, Sráid na Fuinseoige | 1 | 2 | 0 | |
| 2, Bóthar na Feá | 0 | 2 | 0 | |
| 4, Bóthar na Feá | 0 | 2 | 0 | |
| 6, Bóthar na Feá | 0 | 2 | 0 | |
| 8, Bóthar na Feá | 0 | 0 | 1 | |
| 10, Bóthar na Feá | 2 | 1 | 1 | |
| **Iomlán na nDaoine de réir aoise** | | | | |
| | | | | **Iomlán na nDaoine sa phobal** |

**Bileog Achoimre Chónaitheoirí Bhaile an Daonáirimh - Freagraí [do Rang a 3]**

| Seoladh an Tí | Daoine Óga | Daoine Fásta | Seandaoine | Iomlán i ngach teach |
|---|---|---|---|---|
| 1, Sráid na Darach | 0 | 1 | 1 | 2 |
| 3, Sráid na Darach | 0 | 2 | 0 | 2 |
| 5, Sráid na Darach | 0 | 1 | 0 | 1 |
| 7, Sráid na Darach | 3 | 2 | 2 | 7 |
| 9, Sráid na Darach | 4 | 2 | 0 | 6 |
| 11, Sráid na Darach | 0 | 1 | 0 | 1 |
| 1, Ascaill an Chaorthainn | 4 | 1 | 0 | 5 |
| 2, Ascaill an Chaorthainn | 0 | 1 | 0 | 1 |
| 3, Ascaill an Chaorthainn | 0 | 1 | 1 | 2 |
| 4, Ascaill an Chaorthainn | 0 | 2 | 0 | 2 |
| 5, Ascaill an Chaorthainn | 0 | 1 | 0 | 1 |
| 6, Ascaill an Chaorthainn | 2 | 2 | 1 | 5 |
| 7, Ascaill an Chaorthainn | 3 | 2 | 0 | 5 |
| 9, Ascaill an Chaorthainn | 0 | 1 | 0 | 1 |
| 11, Ascaill an Chaorthainn | 5 | 2 | 0 | 7 |
| 1, Sráid na Fuinseoige | 3 | 2 | 0 | 5 |
| 2, Sráid na Fuinseoige | 3 | 2 | 0 | 5 |
| 3, Sráid na Fuinseoige | 1 | 2 | 1 | 4 |
| 4, Sráid na Fuinseoige | 0 | 2 | 0 | 2 |
| 5, Sráid na Fuinseoige | 2 | 2 | 2 | 6 |
| 6, Sráid na Fuinseoige | 2 | 0 | 2 | 4 |
| 8, Sráid na Fuinseoige | 0 | 0 | 1 | 1 |
| 10, Sráid na Fuinseoige | 0 | 2 | 1 | 3 |
| 12, Sráid na Fuinseoige | 0 | 2 | 0 | 2 |
| 14, Sráid na Fuinseoige | 1 | 2 | 0 | 3 |
| 2, Bóthar na Feá | 0 | 2 | 0 | 2 |
| 4, Bóthar na Feá | 0 | 2 | 0 | 2 |
| 6, Bóthar na Feá | 0 | 2 | 0 | 2 |
| 8, Bóthar na Feá | 0 | 0 | 1 | 1 |
| 10, Bóthar na Feá | 2 | 1 | 1 | 4 |
| **Iomlán na nDaoine de réir aoise** | 35 | 45 | 14 | 94 |
| | | | | **Iomlán na nDaoine sa Phobal** |

**Bileog Achoimre Chónaitheoirí Bhaile an Daonáirimh - An Dara Rogha nach bhfuil líonta go hiomlán [do Rang a 3]**

| Seoladh an Tí | Daoine Óga | Daoine Fásta | Seandaoine | Iomlán i ngach teach |
|---|---|---|---|---|
| 1, Sráid na Darach | 0 | 1 | 1 | |
| 3, Sráid na Darach | 0 | 2 | 0 | |
| 5, Sráid na Darach | 0 | 1 | 0 | |
| 7, Sráid na Darach | 3 | 2 | 2 | |
| | | | | |
| 11, Sráid na Darach | 0 | 1 | 0 | |
| 1, Ascaill an Chaorthainn | 4 | 1 | 0 | |
| 2, Ascaill an Chaorthainn | 0 | 1 | 0 | |
| 3, Ascaill an Chaorthainn | 0 | 1 | 1 | |
| 4, Ascaill an Chaorthainn | 0 | 2 | 0 | |
| 5, Ascaill an Chaorthainn | 0 | 1 | 0 | |
| 6, Ascaill an Chaorthainn | 2 | 2 | 1 | |
| 7, Ascaill an Chaorthainn | 3 | 2 | 0 | |
| 9, Ascaill an Chaorthainn | 0 | 1 | 0 | |
| | | | | |
| 1, Sráid na Fuinseoige | 3 | 2 | 0 | |
| 2, Sráid na Fuinseoige | 3 | 2 | 0 | |
| 3, Sráid na Fuinseoige | 1 | 2 | 1 | |
| 4, Sráid na Fuinseoige | 0 | 2 | 0 | |
| 5, Sráid na Fuinseoige | 2 | 2 | 2 | |
| | | | | |
| 8, Sráid na Fuinseoige | 0 | 0 | 1 | |
| 10, Sráid na Fuinseoige | 0 | 2 | 1 | |
| 12, Sráid na Fuinseoige | 0 | 2 | 0 | |
| 14, Sráid na Fuinseoige | 1 | 2 | 0 | |
| 2, Bóthar na Feá | 0 | 2 | 0 | |
| 4, Bóthar na Feá | 0 | 2 | 0 | |
| 6, Bóthar na Feá | 0 | 2 | 0 | |
| 8, Bóthar na Feá | 0 | 0 | 1 | |
| | | | | |
| **Iomlán na nDaoine de réir aois** | | | | |
| | | | | **Iomlán na nDaoine sa phobal** |

**Bileog Achoimre Chónaitheoirí Bhaile an Daonáirimh - An Dara Rogha Comhlánaithe [do Rang a 3]**

| Seoladh an Tí | Daoine Óga | Daoine Fásta | Seandaoine | Iomlán i ngach teach |
|---|---|---|---|---|
| 1, Sráid na Darach | 0 | 1 | 1 | 2 |
| 3, Sráid na Darach | 0 | 2 | 0 | 2 |
| 5, Sráid na Darach | 0 | 1 | 0 | 1 |
| 7, Sráid na Darach | 3 | 2 | 2 | 7 |
| | | | | |
| 11, Sráid na Darach | 0 | 1 | 0 | 1 |
| 1, Ascaill an Chaorthainn | 4 | 1 | 0 | 5 |
| 2, Ascaill an Chaorthainn | 0 | 1 | 0 | 1 |
| 3, Ascaill an Chaorthainn | 0 | 1 | 1 | 2 |
| 4, Ascaill an Chaorthainn | 0 | 2 | 0 | 2 |
| 5, Ascaill an Chaorthainn | 0 | 1 | 0 | 1 |
| 6, Ascaill an Chaorthainn | 2 | 2 | 1 | 5 |
| 7, Ascaill an Chaorthainn | 3 | 2 | 0 | 5 |
| 9, Ascaill an Chaorthainn | 0 | 1 | 0 | 1 |
| | | | | |
| 1, Sráid na Fuinseoige | 3 | 2 | 0 | 5 |
| 2, Sráid na Fuinseoige | 3 | 2 | 0 | 5 |
| 3, Sráid na Fuinseoige | 1 | 2 | 1 | 4 |
| 4, Sráid na Fuinseoige | 0 | 2 | 0 | 2 |
| 5, Sráid na Fuinseoige | 2 | 2 | 2 | 6 |
| | | | | |
| 8, Sráid na Fuinseoige | 0 | 0 | 1 | 1 |
| 10, Sráid na Fuinseoige | 0 | 2 | 1 | 3 |
| 12, Sráid na Fuinseoige | 0 | 2 | 0 | 2 |
| 14, Sráid na Fuinseoige | 1 | 2 | 0 | 3 |
| 2, Bóthar na Feá | 0 | 2 | 0 | 2 |
| 4, Bóthar na Feá | 0 | 2 | 0 | 2 |
| 6, Bóthar na Feá | 0 | 2 | 0 | 2 |
| 8, Bóthar na Feá | 0 | 0 | 1 | 1 |
| | | | | |
| **Iomlán na nDaoine de réir aoise** | 22 | 40 | 11 | 73 |
| | | | | **Iomlán na nDaoine sa Phobal** |

**RANGANNA 4/5/6 – PLEANÁIL DO THOGRA GNÍMH AN DAONÁIRIMH**

Anois agus eolas ag na mic léinn faoi a bhfuil i gceist le daonáireamh is féidir leo a dTogra Gnímh féin do Daonáireamh 2002 a phlé.

**Leideanna don mhúinteoir:**

Cuir cumas an ghrúpa san áireamh, amscálaí &rl
Fáil ar ábhair ealaíne, úsáid ríomhairí &rl
Déan cinnte go bhfuil jabanna faoi leith ag grúpaí/coistí
Déan cinnte go bhfuil jab faoi leith ag gach mac léinn

**Céim a hAon**
Díospóireacht ghrúpa ar phleanáil don ghníomh
Faigh moltaí ón rang maidir le daonáireamh a eagrú
Bailigh focail ábhartha gur féidir leis na mic léinn usáid a bhaint astu, mar shampla:
Cead
Foirm an Daonáirimh a dhearadh
Foirm an Daonáirimh a dháileadh
Torthaí a áireamh
Daoine leis na foirmeacha a dháileadh

Ó na moltaí ba cheart go mbeadh liosta jabanna mar atá thuas agat. Bain usáid as Bileog Phleanála 1 (leathanach 25)

**Céim a Dó**
Scríobhann na mic léinn síos liosta na bhfocal ábhartha/ jabanna ina gcóipleabhair.

**Céim a Trí**
(a) Ina mbeirteanna – eagraíonn na mic léinn liosta na jabanna san ord gur ceart iad a dhéanamh
(b) Ag brath ar am, d'fhéadfadh an rang plé a dhéanamh ar a bhfuil i gceist i ndáiríre le gach jab.

**Céim a Ceathair**
Bunaithe ar rang de 30 mic léinn daonáireamh grúpa don bhliain a dhéanamh, is féidir leis an múinteoir an rang a roinnt ag baint úsáide as na cártaí páirte leis seo mar threoir.

**Céim a Cúig**
Ba cheart am a chaitheamh ag soiléiriú a bhfuil le déanamh ag gach grúpa. Bain úsáid as Bileog Phleanála 2 (leathanach 26) le jabanna Grúpa/Coiste a thaifead. Bain úsáid as Bileog Phleanála 3 (leathanach 27) le go mbeidh gach mac léinn in ann a jab a thaifead.

**Céim a Sé**
Imeachtaí a chur i gcrích.
Nóta: Beidh Gníomh grúpaí 1,2,3 déanta roimh Seachtain an Daonáirimh. Ach, nuair atá siad sin ag cur a ngnímh i gcrích beidh Grúpaí 4,5,6 in ann a ngníomh a phleanáil/eagrú.

Nod: Nuair atá an gníomh dhá chur i gcrích acu cuir i gcuimhne do na mic léinn taifead i bhfoirm dialainne a choinneáil ina gcóipleabhair faoin **méid a rinne a ngrúpa inniu agus an méid a rinne mé féin**. Tá dhá bhuntáiste aige seo:

1. Mar obair bhaile an fhad agus atá an gníomh dhá dhéanamh
2. Beidh sé ina chúnamh don tuairisc atá le scríobh ar an ngníomh

**<u>Cártaí páirte do chuile ghrúpa:</u>**

**Grúpa a hAon** *Grúpa an Cheada*
(beirt mhac léinn)

- cead a fháil ón bPríomhoide an Daonáireamh a dhéanamh
- litir fhoirmiúil
- coinne a shocrú le castáil leis an bPríomhoide

**Grúpa a Dó** *Grúpa na gCeisteanna*
(Seisear)
(muna bhfuil mórán ama agaibh d'fhéadfaí úsáid a bhaint as múnla foirm an daonáirimh atá ar fáil sa phacáiste seo)

- roinn an daonáireamh ina rannóga
- roghnaigh beirt mhac léinn an rannóg le ceisteanna a phleanáil
- cruinniú an ghrúpa
- dréacht deireanach de cheisteanna an daonáirimh a phleanáil

***Más ag dearadh Foirm an Daonáirimh atá tú***

*Coinnigh na ceisteanna fíorshimplí mar shampla, don cheist a bhaineann le módh taistil chuig an scoil d'fhéadfaí na roghanna seo a thabhairt: 'Ag siúl', 'Rothar', 'Paisinéir i gCarr', 'Bus', agus 'Eile'.*

**Grúpa a Trí** *Grúpa an Dearaidh*
(Cúigear)

- dréacht cheist faighte ó ghrúpa a dó
- déan leagan amach an daonáirimh a dhearadh
- breathnaigh le haghaidh botúin litrithe
- bíodh sí éasca le léamh

**Grúpa a Ceathair** *Grúpa an Dáilte*
(Cúigear)

- tabhair dualgas rang amháin i ngrúpa bliana do gach mac léinn
- faigh cead an mhúinteora an daonáireamh a dháileadh
- eagraigh dáta/am leis na foirmeacha daonáirimh a dháileadh agus a bhailiú

**Grúpa a Cúig** *An Grúpa Áirimh*
(Seisear)

- roinn foirm an daonáirimh ina rannóga
- cruinniú an ghrúpa le múnla leis na torthaí a chur ar fáil a roghnú – táblaí, barrchairteanna, píchairteanna, &rl
- déanann na mic léinn na torthaí ar fad a chur le chéile

**Grúpa a Sé** *Grúpa Eolais ar Lá an Daonáirimh*
(Seisear)

- póstaeir a dhearadh
- altanna faoin Daonáireamh a scríobh do nuachtlitir na scoile &rl
- faigh cead labhartha ag tionól na scoile

## BILEOG PHLEANÁLA 1: CÉN CHAOI A NDÉANFAIDH AN RANG A CHUID AMA A BHAINISTIÚ

| DÁTA | DUALGAS | RUDAÍ LE DÉANAMH | GRÚPA/COISTE? |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

## BILEOG PHLEANÁLA 2: CÉN CHAOI A NDÉANFAIDH AN GRÚPA/COISTE A CHUID AMA A BHAINISTIÚ

| DÁTA | DUALGAS | RUDAÍ LE DÉANAMH | CÉ? |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

| BILEOG PHLEANÁLA 3: MO PHLEAN GNÍMH FÉIN | | | | |
|---|---|---|---|---|
| DÁTA | MO PHOST(ANNA) | CÉARD A THEASTAÍONN UAIM? | CÉN CHAOI A BHFAIGHFIDH MÉ É? | CÉ A THABHARFAIDH CÚNAMH DOM? |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

**RANG 8/9**

Cuir torthaí an Daonáirimh le chéile. Taispeáin na torthaí ar Tháblaí, Barrchairteanna nó Píchairteanna.

Moltaí do na Cairteanna:

1. Méid Fireannach/Baineannach
2. Blianta a mBreithe
3. Áiteanna a mBreithe
4. Náisiúntacht
5. Stádas Pósta
6. Cumas an Ghaeilge a labhairt
7. Creideamh
8. Modh Taistil
9. Úinéireacht Ríomhaire

Croch Torthaí an Daonáirimh in áit fheiceálach sa scoil (Ionad Fáilte/Halla/Leabharlann)

***Nuair atá na Torthaí dhá chur le chéile***

- *Beidh sé deacair méid mór ceisteanna a chur le chéile. Cén fáth nach roghnaíonn sibh torthaí ceisteanna 2-3 amháin, mar shampla, gnéas, modh taistil chuig an scoil agus úinéireacht ríomhaire.*

- *D'fhéadfadh na múnlaí seo a leanas a bheith úsáideach leis na torthaí a chur le chéile. Is féidir leis na mic léinn cuid eile a dhearadh nuair is gá.*

| **Úinéireacht Ríomhaire** | **Tá Ríomhaire agam** | **Níl Ríomhaire agam** |
|---|---|---|
| **Fireann** | | |
| **Baineann** | | |
| **IOMLÁN** | | |

| **Taisteal chuig an scoil** | **Ag siúl** | **Rothar** | **Paisinéir i gCarr** | **Bus** | **Eile** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Fireann** | | | | | |
| **Baineann** | | | | | |
| **IOMLÁN** | | | | | |

**Rang 10 – An tábhacht a bhaineann le Daonáireamh 2002 – Ceist Náisiúnta**

Tabharfaidh an daonáireamh eolas cuimsitheach maidir le coinníollacha sóisialta agus maireachtála pobal na hÉireann ag tús an aonú haois is fiche. Teastaíonn na torthaí ar mhaithe le polasaithe, pleanáil agus cinnithe éifeachtacha a dhéanamh.

Thosaigh Éire ag déanamh daonáirimh sa bhliain 1841. Ar an gcaoi seo tá an Phríomh-Oifig Staidrimh in ann forbairtí thar tréimhse fada ama a leanúint go cruinn.

Teastaíonn eolas maidir leis an daonra ag leibhéal náisiúnta le pleanáil do sholáthar cúram sláinte, oideachas, fostaíocht &rl. Tá tábhacht faoi leith ag baint le figiúirí réigiúnda le polasaithe réigiúnda a chur le chéile agus le obair na n-údarás áitiúil a chur i gcrích. An buntáiste is mó atá ag an Daonáireamh go gcuireann sé figiúirí sonracha ar fáil den daonra ag leibhéal áitiúil. Cabhraíonn na figiúirí seo le riachtanais scoileanna agus ospidéil a aimsiú chomh maith leis na suíomhanna is fearr le haghaidh siopaí nua agus áiseanna nua a lonnú.

Nóta: De réir Airteagail 16.2 de Bhunreacht na hÉireann déantar cinneadh ar bhallraíocht iomlán Dáil Éireann bunaithe ar an daonra sa daonáireamh (i.e. TD amháin do chuile 20,000 – 30,000 daoine). Déantar athbhhreithniú go hiondúil ar Dháilcheantair nuair atá figiúirí an daonáirimh foilsithe.

Is é an Daonáireamh an t-aon bhealach atá againn le figiúirí cruinne imirce (bogadh daoine) a fháil.

**Conas a dhéantar Daonáireamh**

- Déantar foireann oibre de 4,400 a earcú agus a thraenáil
- Dáileann Áiritheoirí (a bhfuil cártaí aitheantais acu) breis agus 1.4 milliún Foirmeacha Daonáirimh chuig gach líon tí agus áitreabh cónaithe (aon áit ina gcónaíonn daoine) sa cheithre sheachtain roimh Lá an Daonáirimh
- Tá gach cuid den tír clúdaithe
- Meabhraítear do dhaoine tríd na meáin chumarsáide an Fhoirm Dhaonáirimh a líonadh
- Líonann daoine an Fhoirm Dhaonáirimh oíche an Daonáirimh
- Baillíonn Áiritheoirí na Foirmeacha Daonáirimh taobh istigh de cheithre sheachtain ó lá an Daonáirimh

**Pointí Tábhachta maidir leis an Daonáireamh**

- Dé Domhnaigh, 28 Aibreán 2002 é Lá an Daonáirimh
- Tá an Daonáireamh fíor-thábhachtach don rialtas, lucht gnó agus do gach pobal
- Má chomhoibríonn an pobal déanfar cinnte go n-éiríonn leis an daonáireamh
- Tá dualgas dleathúil ar an bpobal comhoibriú leis an daonáireamh
- Is faoi rún a choinníonn an POS aon eolas a chuireann daoine ar fáil